Polasaí i leith an chlóis

Amanta an chlóis:

Am sosa: 10.50-11.00

Am lóín: 12.30-1.00

Réamhrá:

Tá am chlóis mar chuid an lárnach do shaol na scoile ar dhá bhonn.

1. Baineann sé go mór le forbairt sóisialta an linbh

2. Toisc go bhfuil sé mar sprioc ag an nGaelscoil deis a chur ar fáil do páisti saol scoile iomlán a chaitheamh trí Ghaeilge tá tábhacht thar cuimse le polasaí láidir scoile I leith labhairt na Gaeilge sa chlós. Ní hamháin go bhfuil cúraimí feitheoireachta ar an múinteoir sa chlós ach tá cúraimí dhochta teanga chomh maith. Caithfidh an múinteoir a bheith ag éisteacht de shíor agus ag tógaint ceann don teanga atá in úsáid agus atá de dhíth ar na páistí. (Féach ar pholasaí na Gaeilge)

Páistí

- Am sosa – Itheann na páistí rud beag roimh dhul amach go dtí an clós.
- Am lóín - itheann na páistí an lón idir 12.30 agus 12-40. Íosfaidh na naíonain bheaga is mhóra a lónta ó 12.20-12.40. Is am riachtanach cumarsáide é seo dóíbh is úsáidfidh an múinteoir an deis seo ó thaobh ionchur is forbairt teanga de.

- Siúlann na páistí amach go dtí clós i línte díreacha go ciúin is a múinteoir á dtionlacan.
- Déanann an múinteoir deimhin de go bhfuil na páistí ar fad imithe ón tseomra.
- Cinntíonn an múinteoir ranga go bhfuil an múinteoir i bhfeighil sa chlós/halla sula bhfágann sé/sí an clós/halla.
- Bíonn na páistí ag súgradh ar an tarramhacadam ach amháin nuair a cheadaítear dóibh súgradh ar an bhféar.

- Spreagtar na páistí chun súgradh go comhoibritheach sa chlós/halla. Tá cosc ar réabadh tríd gclós nó ar chluichí garbha,
- Nuair a bhuailtear an clog, siúlfidh na páistí go socair go dtí na línte
- Má bhíonn páiste breoite is go dteastaíonn ó na dtuismitheoirí go bhfanfaidh sé/sí istigh ag am sosa agus lóin, caithfidh an páiste, nóta a bheith aige/aici ón tuismitheoir ag tabhairt ceada dó/di fanacht istigh. Fanfaidh na páistí lasmuigh den oifig.
- Má bhíonn ar pháiste dul go dtí an leithreas agus iad sa chlós, lorgaíonn siad cead agus úsáideann siad an leithreas sa seomra ranga thíos staighre amháin seachas bheith ag dul tríd an bhfoirgneamh.

Múinteoir:

- Is íocaíocht do 37 uair a chloig a bhíonn i gceist do mhúinteoirí a ghlacann páirt i bhfeitheoireacht sa chlóis.
- Bíonn beirt ar an gclós i gcónaí, leath na scoile sa halla le múinteoir amháin agus leath eile sa chlós le múinteoir eile. (Féach sceideal clóis iniata)
- Bailíonn an múinteoir i bhfeighil leabhair na dtimpistí sula dtéann sé/sí amach sa chlós. Cláraítear na hainmneacha do fheitheoirí an lae agus aon eachtra nó eolas tábhachtach a thagann chun cinn i rith a dtréimhse feitheoireachta.
- Bailítear na ranganna go poncúil ag 8.50, 11.00 is ag 1.00
- Fanann na feitheoirí sa chlós go dtí go mbailíonn na múinteoirí eile a ranganna.
- Bíonn ar gach múinteoir na teorainn chuí maidir leis an gclós a chur in iúl dá rang go rialta.

- Is gá don mhúinteoir ranga cleachtadh a dhéanamh lena rang más gá ar conas seasamh i line agus conas siúl isteach agus amach go béasach sábháilte.

- Tá an fhoireann theagaisc ar fad freagrach as labhairt na Gaeilge sa chlós agus ag teacht agus ag imeacht ón gclós.

- Ní cheadaítear do SNA féitheoireacht a dhéanamh ar an gclós gan mhúinteoir a bheith in éineacht leis/leí

- Nuair a bhuailtear an clog ar a 11.00 a chlog agus ar a 1.00 a chlog, bailíónn gach múinteoir a rang féin ón gclós agus siúlann siad leo go dtí an seomra ranga. Siúltar páiste i ndiaidh páiste, rang i ndiadh ranga.

- Déanann Aoife amach róta an chlóís gach mí is crochtar sa seomra foirne é. Má bhíonn aon athrú ar an róta nó má mhalartaíonn múinteoirí le cheile caithfear é a chlárú leis an bpríomhoide.

Timpistí sa chlós.

Má bhíonn páiste gortaithe go dona:

- cuireann an múinteoir páiste ó na hardranganna isteach chun fios a chur ar mhúinteoir ranga an pháiste is ar an bpríomhoide.

- Déanfaidh an múinteoir atá ar an gclós i gcomhairle leis an múinteoir ranga is leis an bpríomhoide/bpríomhoide cinneadh maidir leis an díobháil atá déanta don pháiste agus an cóir é/í a bhogadh go dtí an oifig/oispidéal srl.

- I gcás nach féidir an páiste a bhogadh, cuirfear fios ar na seirbhísí eigeandála ar dtús agus ansan cuirfear fios ar na tuismitheoirí.

Muna bhfuil an páiste gorthaithe ró-dhona

- Cuirfear an páiste chuig an m(h)úinteoir ranga

- Déanfar cinneadh an cóir fios a chur ar na tuismitheoirí agus déanfar amhlaidh má's gá. I gcásanna go bhfuil damáiste don cheann i gceist, cuirfear glaoch gutháin ar na tuismitheoiríiI gcónaí.

- Muna bhfuil sé/sí ró-olc, tabharfar aire dó/di agus cuirfear ar ais go dtí an clós/rang é/í.

- Tabharfar tuairisc don mhúinteoir ranga láithreach.

- Glanfar an gearradh le huisce amháin agus ní chuirfear aon bhindealán air. Usáidfear lámhainní.

<u>Is gá don mhúinteoir atá ar an gclós</u>

(a) tuairisc a scríobh I leabhar na dtimpistí le dáta agus síniú an mhúinteora air. Scríobhfar am agus sonraí an timpiste: cad a tharla, cathain a tharla sé, cén damáiste a rinneadh is cén céimeanna a tógadh. Coimeádfar an leabhrán seo sa seomra fóirne.

(b) É a chur in iúl don mhúinteoir ranga